

FORBAIRTÍ TALMHAÍOCHTA

SEICLIOSTA TREORACH

Mar aon leis na riachtanais reachtúla, seo roinnt rudaí eile a d'fhéadfadh a bheith riachtanach maidir le hiarratais talmhaíochta.

Is treoir é seo agus ní liosta uileghabhálach é ach d'fhéadfadh go gcabhródh sé leat moill a sheachaint agus d'iarratas á phróiseáil:

- Bíodh sceideal d'achar an urláir san iarratas agus abair na húsáidí a bhaintear as foirgnimh thalmhaíochta an láithreáin.
- Seiceáil cúrsaí pleanála go dtí seo agus cinntigh go bhfuil teorainneacha an láithreáin ag teacht leis an méid a ceadaíodh ar dtús. Cinntigh go bhfuil cead pleanála tugtha le haghaidh na bhfoirgneamh, na bhforbairtí, na mbóithre rochtana/mbealaí isteach ar fad atá ar liosta an sceidil, nó go bhfuil siad díolmhaithe ó phleanáil. Mura bhfuil, ba cheart dul i ngleic leis na ceisteanna ar fad atá fós le réiteach san iarratas nua talmhaíochta agus sa chur síos atá ar an fhorbairt sna bhfógraí poiblí.
- Seiceáil go bhfuil gach gné den chead reatha a bhaineann leis an láithreán ag teacht leis an méid a ceadaíodh roimhe seo, mar shampla, an bealach isteach, an áit a bhfuil struchtúir lonnaithe etc. Mura bhfuil, ba cheart dul i ngleic leis na ceisteanna ar fad atá fós le réiteach san iarratas nua talmhaíochta agus sa chur síos atá ar an fhorbairt sna bhfógraí poiblí.
- Cinntigh gur comhlíonadh go sásúil na coinníollacha réamhforbartha agus aon choinníollacha eile a bhaineann leis an mbunthead.
- Cinntigh go bhfuil na moltaí a rinneadh maidir le huisce dromchla aitheanta ar an bplean láithreáin atá le seoladh isteach.
- Bíodh plean bainistíochta cothaitheigh san iarratas a chuireann san áireamh an fhorbairt atá beartaithe agus bíodh sé suas chun dáta agus sínithe.
- Bíodh mapa mór amháin san iarratas a aithníonn an talamh ar fad atá ar fáil lena scaradh.
- Maidir le talamh atá aitheanta mar thalamh a mbeidh sciodar le scaradh air, ba cheart paistí talún atá i mbaol a mbáite a sheachaint, mar aon le talamh a mbailíonn screamhuisce ann agus talamh ar gá foinsí a chosaint ann. Ba cheart an méid sin a chur san áireamh agus NMP á tharraingt.
- Abair mar a gheofar réidh le huisce salach a bheidh ann de bharr na forbartha/na socruithe atá ann faoi láthair.
- Abair mar dhéanfar FYM a stóráil.